

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna Leasú) Rialacháin maidir le Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna Leasú) Fógra maidir le Forbairt atá Beartaithe ag Údarás Áitiúil**  
**Cuid 8 Fógra Poiblí**  
**Tionscadal Fógraíochta Lasmuigh**

De bhun na gceanglas maidir leis an méid thuas, tugtar fógra leis seo faoin togra chun an fhorbairt seo a leanas a thógáil ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCBÁCT):

**Tionscadal fógraíochta lasmuigh atá beartaithe ina gcuimsítear aonaid taispeána digítí fógraíochta atá ábalta ábhar fógraíochta sibhialta agus tráchtála a chur ar taispeáint ar fud an Chontae. Déantar soláthar leis an tionscadal do shuiteáil aonad taispeána fógraíochta lasmuigh (lena n-áirítear na hoibreacha agus na seirbhísí láithreáin gaolmhara go léir, lena n-áirítear mionchuaile ag gach láithreán) ar thailte Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ag 28 suíomh (8 n-aonad taispeána 'Digipanel' agus 20 aonad taispeána 'Digipole') mar atá liostaithe thíos.**

Tá airde fhoriomlán 2.56m, doimhneacht 0.2m, leithead 1.14m ag na haonaid taispeána fógraíochta digítí 'Digipanel' atá beartaithe (suíomhanna 1 go 8), agus tá siad déthaobhach agus achar painéil taispeána de 1.53 méadar cearnach acu. Is éard atá sna haonaid taispeána fógraíochta digítí 'Digipole' atá beartaithe (láithreáin 9 go 28) cás taispeána feistithe ar sheach-chos, ag a bhfuil airde fhoriomlán de 5.45m, leithead de 3.32m, doimhneacht de 0.4m; agus tá siad déthaobhach agus achar painéil taispeána de 8.125 méadar cearnach acu. Tá suíomhanna beachta na láithreán marcáilte le X dearg ar an gcosán nó le cuaille dearg sa talamh.

1. Digipanel: Taobh thiar de Bhóthar Ráth Fearnáin, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14, ó thuaidh ón acomhal leis an bPríomhshráid	15. Digipole: Bóthar Theach na Giúise, Baile Átha Cliath 16 (in aice le teorainn Pháirc Ghleann na Dothra agus os comhair an bhealaigh isteach chuig Páirc Ghnó Radharc na Giúise)
2. Digipanel: Os comhair 170 Bóthar Theach Mealóg, Bóthar Theach Mealóg, Baile Átha Cliath 6W	16. Digipole: N81 Sheachbhóthar Thamhlachta, Baile Átha Cliath 24, siar ón acomhal le Bóthar Belgard (R113) i lárstráice lárnaigh an bhóthair
3. Digipanel: Taobh thoir d'acomhal Bhóthar an Chlochair agus na Sráide Móire, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22	17. Digipole: Bóthar Belgard (R113), Baile Átha Cliath 24 (ar an taobh thiar den bhóthar, ó dheas ón acomhal le Dún Cholbaird)
4. Digipanel: Taobh thiar de Bhóthar an tSeanbhábhuin, Sráidbhaile Thamhlachta, Baile Átha Cliath 24 os comhair Aonad 4, Bóthar an tSeanbhábhuin	18. Digipole: R819 Bhóthar na nGlaschnoc, Cill na Manach, Baile Átha Cliath 24 (ar an taobh thiar den bhóthar os comhair fhoirgneamh Amharclainne Thamhlachta)
5. Digipanel: Taobh thiar theas d'acomhal na Sráide Móire agus Bhóthar na nGlaschnoc, Sráidbhaile Thamhlachta, Baile Átha Cliath 24, os comhair Bhanac na hÉireann	19. Digipole: Bóthar Íochtarach Bhaile an Mhóta, Baile Bhaicín, Baile Átha Cliath 12 (ar an taobh thuaidh den bhóthar in aice le hIonad Ideal Bathroom and Tiles)
6. Digipanel: Taobh thiar d'acomhal na Príomhshráide agus na Príomhshráide Íochtará/Lána na hÍoclainne, Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath	20. Digipole: Bóthar Leamhcáin/Seachbhóthar Shéipéal Iosóid, Baile Átha Cliath 20, soir ó acomhal Bhóthar Kennelsfort Uachtarach/Íochtarach (sa lárstráice lárnaigh)
7. Digipanel: Ar an bplás in aice le hAscaill Bhaile Adaim ag acomhal le Búlbhard Bhaile Adaim, Co. Bhaile Átha Cliath	21. Digipole: Bóthar Cheeverstown, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 siar ó thuaidh ón acomhal le Bealach Bhaile Uí Fhoirtcheirn (ar an lárstráice lárnaigh)
8. Digipanel: Taobh thuaidh de Bhóthar Theach Mealóg/Bóthar Bhaile Coimín, Teach Mealóg, Baile Átha Cliath 6W, in aice le bealach isteach Ionad Gnó Theach Mealóg	22. Digipole: Bóthar Chnoc an Fhuaráin Theas, Baile Átha Cliath 22 siar ó thuaidh ón acomhal le Bealach Caldbeck agus ó dheas ón acomhal le Bóthar an Bhútaigh
9. Digipole: Tuaisceart Bhóthar na Gráinsí, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16 (carrchlós Ionad Eden)	23. Digipole: Bóthar an Naoú Loc, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 (lasmuigh d'Eaglais Íosa Críost Naoimh na Laethanta Deireanacha)
10. Digipole: Deisceart Bhóthar na Gráinsí, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16 (soir ó Ascaill an Garráin Chnó)	24. Digipole: R136 Bhóthar Chaisleán na Gráinsí, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath, in aice le Stáisiún Iarnróid na Ciseoige
11. Digipole: Bealach Cholm Cille (R113), Bóthar Bhaile Scallart, Baile Átha Cliath 16 (ar an taobh thuaidh den bhóthar, soir ó thimpeallán Gharrán Orlaí)	25. Digipole: Bóthar Chnoc an Fhuaráin Thuaidh, Baile Átha Cliath 22 (ó dheas ón acomhal le Bóthar an Fhearainn Nua-Leamhcáin (ar an taobh thiar den bhóthar)
12. Digipole: R112 Ascaill Springfield (Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14 (ar an taobh theas den bhóthar, in aice le Carrchlós Pháirc na dTor atá ann cheana féin)	26. Digipole: Bóthar na Míle Fada, Baile Átha Cliath 12 soir ón acomhal le Bóthar Robinhood (ar an taobh theas den bhóthar)
13. Digipole: R137 Bóthar Thamhlachta/Bóthar Bhaile Coimín, Teach Mealóg, Baile Átha Cliath 6W (lárstráice lárnaigh an bhóthair, soir ón acomhal leis an M50)	27. Digipole: Acomhal Chéide Iarthar na Cathrach agus Bhóthar Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24 (in aice le carrchlós Ionad Siopadóireachta Iarthar na Cathrach agus leis an bhfoirgneamh 'The Alder')
14. Digipole: Bóthar an tSeanbhábhuin, Teach na Giúise, Baile Átha Cliath 24 (ó thuaidh ón acomhal le Bóthar Thiar Theach na Giúise)	28. Digipole: Bóthar Nangair, Baile Átha Cliath 12 os comhair choimpléasc Diageo Baileys

Cuireadh an togra faoi Scagadh le haghaidh Measúnacht Chúil i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus Scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir EIA 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE.

De réir Airteagal 81 de na Rialacháin maidir le Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus tá sé tar éis teacht ar an gconclúid seo a leanas:

(a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar aon láithreán Eorpach/láithreáin Eorpacha agus dá bhrí sin níl gá le Measúnacht Chúil Chéim 2.

(b) Níl aon dóchúlacht iarbhir ann go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar an timpeallacht mar thoradh ar an bhforbairt atá beartaithe agus nach de chineál atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de na Rialacháin maidir le Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, an fhorbairt atá beartaithe agus dá bhrí sin níl Tuarascáil ar Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) ag teastáil ina leith.

Féadfaidh aon duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála le haghaidh cinneadh maidir le scagadh i dtaobh an dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt ar an timpeallacht.

Tá na pleananna agus sonraí na forbartha atá beartaithe ar fáil lena n-íniúchadh ar líne ar shuíomh gréasáin thairseach comhairliúcháin phoiblí na comhairle (<http://consult.sdublincoco.ie>) le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 12 Lúnasa 2026.

Tá pleananna priontáilte agus sonraí na forbartha atá beartaithe ar fáil lena n-íniúchadh nó lena gceannach ar tháille nach mó ná costas réasúnta cóipe a dhéanamh ag Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, le linn uaireanta oifige ón 1 Iúil 2026 go dtí an 12 Lúnasa 2026.

#### **Aighneachtaí**

Féadfar aighneachtaí nó breathnuithe i ndáil leis an bhforbairt atá beartaithe ina bpléitear pleanáil chúil agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeidh an fhorbairt atá beartaithe suite a dhéanamh i scríbhinn suas go dtí an 12 Lúnasa 2026 agus féadfar iad a chur isteach mar a leanas;

• Ar shuíomh gréasáin thairseach comhairliúcháin phoiblí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas <http://consult.sdublincoco.ie>, faoi Chomhairliúchán faoi 11:59pm ar an 12 Lúnasa 2026.

#### **Nó**

• I scríbhinn chuig an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Forbairt Eacnamaíochta, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, le bheith faighte ar nó roimh 5.00pm ar an 12 Lúnasa 2026. Ba chóir lipéad "Tionscadal fógraíochta lasmuigh i mBaile Átha Cliath Theas" a chur ar an aighneacht.

**NÓTA:** Ná déan d'aighneacht ach trí mheán amháin, le do thoil. Ní bhreithneofar ach aighneachtaí a gheofar faoin 12 Lúnasa 2026 agus a ndéileálfar leo mar atá leagtha amach thuas. Ba chóir go luafaí sna haighneachtaí ainm, seoladh agus, más ábhartha, sonraí aon eagraíochta, grúpa pobail nó cuideachta etc. a ndéanann tú ionadaíocht dóibh. Ní bhreithneofar ach aighneachtaí a gheofar agus iad leagtha amach mar atá thuas. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997–2006 (arna leasú) maidir le gach taifead atá i seilbh Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Is féidir ráitis phríobháideachta sonraí pearsanta na comhairle a fheiceáil ag [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie) agus coimeádfar na sonraí pearsanta go léir i gcomhréir le ceanglais reachtúla.

**Sínithe:** Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíochta, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.